

# ❖ An Lúibín ❖

30 Meán Fómhair 2013

## Val Noone: fear na Dochtúireachta

Tá an Dr Val Noone ar na scoláirí is mó a rinne staidéar ar scéal na nÉireannach agus na Gaeilge san Astráil. Eisean a scríobh *Hidden Ireland in Victoria* (Ballarat Heritage Services 2012), an chéad leabhar a rinne dianscrúdú ar stair na Gaeilge i limistéar áirithe taobh amuigh d'Éirinn. Anois tá scéal nua ann. Tá Seanad Ollscoil Náisiúnta na hÉireann tar éis a fhógairt go mbronnfaidh siad Céim Dhochtúireachta sa Litríocht honoris causa ar Val as an saothar atá déanta aige ar son an Léinn Éireannaigh san Astráil. Bronnfaidh Seansailéar na hollscoile, an Dr Maurice Manning, an chéim air ar 2 Nollaig 2013 i gColáiste Ríoga na Lianna i Sráid Chill Dara i mBaile Átha Cliath. Ní gá a rá gur mór an onóir í.

Dúirt Val linn nach raibh súil aige leis seo, ach go nglacadh sé leis ar son na ndaoine go léir a ndeachaigh sé i gcomhar leo i rith na mblianta. Is mian leis buíochas ar leith a ghabháil le baill agus le hoifigigh na ngrúpaí a raibh baint aige leo.



## Ollamh nua an Léinn Cheiltigh in Sydney

Tá an Dr Jonathan Wooding ag teacht i gcomharbacht an Ollaimh Anders Ahlqvist i gCathaoir Sir Warwick Fairfax an Léinn Cheiltigh in Ollscoil Sydney. Rachaidh sé i mbun oibre ann faoi dheireadh na bliana 2013.

Scoláire den scoth is ea Anders Ahlqvist agus níl aon chaill ar an bhfear nua ach oiread. Tá suim aige i stair agus i gcultúr na Breataine, na hÉireann, na Coirne agus na Briotáine, agus tá eolas aige ar an tseandálaíocht, ar an diagacht, ar theangacha Ceilteacha agus eile. Tá taighde déanta aige ar chúrsaí diagachta agus creidimh sa saol Ceilteach, ar an manachas agus ar an tseandálaíocht eaglaiseach.

Rinne an Dr Wooding a Ph.D ag Ollscoil Sydney. Bhí baint aige leis na comhdhálacha Léinn Cheiltigh ann agus chuidigh sé le heagar a chur ar na páipéir a foilsíodh dá bharr. Faoi láthair is é an Léitheoir le Stair Reiligiúnda i Scoil na Diagachta, an Léinn Reiligiúnda agus an Léinn Ioslamaigh é i gCampas Lampeter, Ollscoil na Breataine Bige.

Ar a chuid foilseachán tá na cinn a leanas:

- \* 'Communication and Commerce along the Western Sealand AD 400-800' (1996)
- \* 'The Vikings' (1998)
- \* 'The Otherworld Voyage in Early Irish Literature - an Anthology of Criticism' (2000)
- \* 'Saints and Seafarers: Perigrinatio and the Ocean Desert in the Celtic Lands' (2007)
- \* 'A Guide to the Churches and Chapels of Wales' (2011) with Nigel Yates
- \* 'Adomnan of Iona: Theologian, Lawmaker, Peacemaker' (2010) mar eagarthóir in éineacht le Rodney Aist, Thomas Owen Clancy agus Thomas O'Loughlin
- \* 'Ireland and Wales in the Middle Ages' (2007) mar eagarthóir le Karen Jankulak

Tá léacht a thug sé ar mheon agus ar aigne na Críostaíochta Ceiltí le fáil ag <http://vimeo.com/20413028>.



## Seimineár: *The Companion to Irish Traditional Music*

Bhí an Dr Fintan Vallely, eagarthóir an *Companion to Irish Traditional Music* (Cork University Press 2013, an dara heagrán) ag caint ar 'Passion, canon and change in the compilation of the encyclopedia of Irish traditional music' ag seimineár ar 17 Meán Fómhair 2013 i gColáiste Newman, Ollscoil Melbourne. (Theip ar an teilgeoir ach d'éirigh go binn leis an ócáid gan é.)

Is é a bhí i gceist eagrán nua de leabhar atá i mbaol a bheith ina Bhíobla feasta, mar a dúirt Fintan féin. Ba é an chéad leabhar den saghas sin é, agus (mar a dúirt Fintan arís) ba é an chéad eagrán an 'profa,' rud a lig dó an dara leagan a athcheartú agus a mhéadú. Tá 1,800 iontráil ann anois agus tá ráchairt air, cé nach raibh díol chomh mór sin fós air sna Stáit, rud a chuirfeadh iontas ort.

Ba iad na ceisteanna ba chuí a chur i dtaobh an cheoil: Céard é? Cén fáth a bhfuil sé ann? Cá bhfaighfí é?

Thug Fintan a fhliúit leis chun pointí a léiriú agus é ag trácht ar an tábhacht a bhí le blas agus stíl an cheoil. Tá saghsanna difriúla de 'phoir' ann, mar shampla, agus a chrot féin ar gach ceann acu: b'fhéidir go raibh an 'slip jig' ann chomh fada siar leis an 16ú haois, agus tháinig na saghsanna eile isteach níos déanaí, mar a tháinig ceol rince eile ar nós an chornphíopa agus na ríle. Sampla eile is ea an polca, rince ar cuireadh cuma cheart Éireannach air. Tá tiúineanna á gcumadh fós ach ní ghlactar ach leis an gcuid is lú díobh – ocht gcinn as 400, abair. Dúirt Fintan go bhfuil amhráin nua á gcumadh i nGaeilge i gcónaí mar cheol tíre agus eile, ach is leithne go mór an raon atá ag amhráin thraidisiúnta Bhéarla i dtaca le hábhar de. Thosaigh athbheochan cheoil i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda (bhí baint ag Seán Ó Riada leis seo, ar ndóigh) agus tháinig éileamh ar 'popcheol' na mbannaí céilí. Níor thosaigh na seisiúin go dtí na caogaidí, cé go measann a lán ceoltóirí gur rud seanbhunaithe iad. Rinne Fintan tagairt do na chéad bhailitheoirí ar nós Edward Bunting agus don rian a d'fhág ceol uasal na cláirsí ar cheol na ndaoine. Bhí baint ag an gceol leis an gclódoireacht ón 18ú haois amach.

Dúirt Fintan gur éirigh leis an gceol fanacht iata ina chlós féin, rud a chuidigh lena athbheochan. Mar sin féin, bhí sé ar a chumas glacadh le rudaí nua. Is beag nach ceol ealaíne anois é: déantar staidéar tríú leibhéal air agus tá margadh idirnáisiúnta ann.

Bhí faill againn le dul chun cainte le Fintan in óstán i ndiaidh an tseimineáir agus tarraingíodh scéal na seisiún anuas. Tá a lán ceoltóirí ann nach mbeadh sásta seinm leo féin i láthair an tslua ach atá lánsásta seinm le daoine eile. Báitear a gcuid dearmad dá bharr agus féadann an chuideachta agus fuinneamh an cheoil iad a spreagadh chun gaisce. Dúirt Fintan gur greannmhar an scéal ag seisiún é agus amhránaí ann. Tapóidh sé siúd an deis chun amhrán a rá agus lucht na n-uirlisí á mbeophianadh idir an dá linn chun go gcromfaidís ar sheinm arís chomh luath agus is féidir. B'fhearr dóibh (a dúirt Fintan) glacadh leis an scéal agus an t-amhránaí a thionlacan.

Leabhar sárchuimsitheach an *Companion*, mar is léir ón liosta thíos:

- Amhráin i nGaeilge agus i mBéarla
- Saghsanna rince
- Ceoltóirí aonair agus grúpaí
- Bannaí céilí agus an gairmiúlachas
- Scéalaíocht
- Uirlisí ceoil agus teicneolaíocht
- Tiúineanna agus cumadóireacht
- Stíleanna agus maisiú
- Eagraíochtaí agus cur chun cinn
- Oideachas agus seachadadh
- Bailitheoirí agus cartlanna
- Stair agus athbheochan
- Ceoltóirí, lucht stíle, tráchtairí
- Craoltóireacht agus taifeadadh
- Ceol agus amhránaíocht i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag

- An ceol i gcúigí na hÉireann, san Eoraip agus sna Stáit
- Amlíne: 1100 RCh – 2011 AD
- Leabhair faoi cheol na hÉireann 1724 – 2011



### An Tionscadal ‘Papar’

Tá a lán áiteanna a dtugtar Pabaigh (*papa ey* - ‘oileán na sagart’) nó Papil (*papa byli* (?) - ‘áitreabh na sagart’) orthu sna hInse (Inse Oirc, Inse Shealtainn, Inse Ghall) agus i nGallaibh i dtuaisceart na hAlban. Tuigtear gur ó *phápa* na Gaeilge a tháinig an t-ainm sa tSean-Lochlainnis, agus gurbh iasacht ón Laidin é sa chéad dul síos. Is é is cuspóir do The Papar Project (tionscadal acadúil ildisciplíneach) an fhianaise stairiúil a bhailiú le chéile agus eolas ar na ‘sagairt’ úd a chur ar fáil dá bharr: féach <http://www.paparproject.org.uk/>. Thosaigh an tionscadal sa bhliain 2001 ag comhdháil i gCill Rímhinn, nuair a tháinig scoláirí óna lán disciplíní le chéile chun an t-ábhar a phlé.

Ní mór a dhéanamh amach cén saghas cléire atá i gceist – manaigh a bhí ina ndíthreabhaigh ar an iargúil nó sagairt a bhí ag freastal ar an bpobal máguaird. Ní mór dá réir staidéar a dhéanamh ar ithir na n-áiteanna chun eolas a fháil faoi chúrsaí curadóireachta. Ní mór freisin a chuimhneamh gurb iad na Lochlannaigh a chum na logainmneacha sin agus a cheist seo a chur: Cén fáth a dtabharfaidís a leithéidí d’ainmneacha ar na háiteanna sin dá mbeadh na ‘sagairt’ le scaipeadh?

Tá foinsí déanacha ann a dhéanann tagairt do na ‘papar’ in Inse Oirc agus san Íoslainn (cé bhfuil finscéalta aisteacha le fáil iontu). Tá *Historia Norvegiae* (Stair na hIorua), ceann de na croinicí Iorucha is sine, ann, cé nach léir cár scríobhadh í nó cá bhfuair an t-údar a chuid faisnéise. Tá an sliocht a leanas bainte as Caibidil VI (*De Orcadibus Insulis* - ‘Maidir le hInse Oirc’) agus thugann cuntas ar an gcuimhne a bhí ag daoine sa 12ú haois ar mhuintir na háite roimh theacht na Lochlannach. *Papae vero propter albas, quibus ut clerici induebantur, vocati sunt, unde in Theutonica lingua omnes clerici papae dicuntur.* (“Tugadh “papar” orthu as na héadaí bána a chaith siad ar nós sagart, agus dá bhrí sin tugtar “papar” ar an gcléir uile sa teanga Theotanach.”) *Adhuc quaedam insula Papey ab illis denominatur.* (“Tá oileán ainmnithe astu mar “Papey”.) *Sed ut per habitum et apices librorum eorum ibidem derelictorum notatur, Africani fuerunt, judaismo adhaerentes.* (‘Ach is léir óna gcuid éadaí agus ó scríbhneoireacht na leabhar a tréigeadh ann gurbh Afracaigh iad a bhí dílis don chreideamh Giúdach.’)

Tá tagairt déanta don scéal i bhfoinsí Sean-Lochlainnise – *Íslendingabók* (Leabhar na hÍoslainne) agus *Landnamabók* (Leabhar an Áitrithe).

#### Íslendingabók

Pá váru hér menn kristnir, þeir er Norðmenn kalla Papa, en þeir fóru síðan á braut, af því at þeir vildu eigi vera hér við heiðna menn, ok létu eftir bækr írskar ok bjöllur ok bagla. Af því mátti skilja, at þeir váru menn írskir.<sup>1</sup>

<sup>1</sup> *Íslendingabók* : <http://is.wikisource.org/wiki/%C3%8Dslendingab%C3%B3k>

*An uair sin bhí Críostaithe anseo a dtugann na hIoruaigh ‘papar’ orthu, ach d’imigh siad ansin, mar ní raibh fonn orthu fanacht ann le págánaigh, agus d’fhág siad leabhair Éireannacha, cloganna agus bachaill ina ndiaidh. Ba léir uaidh sin gurbh Éireannaigh iad.*

#### *Landnamabók*

En áður Ísland byggðist af Noregi, voru þar þeir menn, er Norðmenn kalla papa; þeir voru menn kristnir, og hyggja menn, að þeir hafi verið vestan um haf, því að fundust eftir þeim bækur írskar, bjöllur og baglar og enn fleiri hlutir, þeir er það mátti skilja, að þeir voru Vestmenn.<sup>2</sup>

*Ach sular lonnaigh Ioruaigh san Íoslainn bhí fir ann ar thug na hIoruaigh ‘papar’ orthu; ba Críostaithe iad, agus síleadh gur tháinig siad thar sáile aniar, toisc go bhfuarthas ina ndiaidh leabhair Éireannacha, cloganna agus bachaill, agus mórán rudai eile, agus gur léir uaidh seo gurbh Éireannaigh iad.*

Áitíonn scoláirí éigin, áfach, nach béaloideas ón 9ú haois nó ó thús an 10ú haois atá againn anseo ach eolas ar an eaglais Éireannach mar a bhí sí idir deireadh an 10ú haois agus tús an 12ú haois. Ní bheadh sna leabhair, sna cloganna agus sna bachaill, mar sin, ach maisiú léannta.

Is iad na logainmneacha an fhianaise is treise againn. Rinneadh talamh slán de riamh go mbaineann siad le tréimhse a raibh na ‘papar’ ina gcónaí sna hInse, ach is deacair iad a dhátú, agus b’fhéidir nár cumadh iad go dtí tamall níos déanaí. I ndáiríre is le gníomhartha agus le dearcadh na Lochlannach atá baint acu agus is beag léargas atá le fáil iontu ar na ‘papar’ féin.

Ó thaobh na seandálaíochta de, níl an scéal i bhfad níos soiléire. Atháitíodh formhór na láithreán réamh-Lochlannach tar éis go ndearnadh Críostaithe de na Lochlannaigh agus gur cuireadh paróistí ar bun. Tá fianaise Chríostaí dhealbhadh ann a thaispeánann an chros, sagairt, samhailchomharthaí Phíochtacha agus corrinscríbhinn. Tá baint ag cuid den fhianaise sin le logainmneacha de chuid na ‘bpapar’ ach tá a lán leaca cuimhneacháin Chríostaí le fáil in áiteanna eile chomh maith.

Tá scrúdú á dhéanamh ar ithir na n-áiteanna a bhfuil na logainmneacha úd orthu. Tríd is tríd tá baint ag na ‘papar’ leis an ithir is fearr nó, ar a laghad, le hithir arbh fhéidir í a thabhairt chun míneadais ach uisce agus cothathaigh a sholathar go cúramach.

Deir lucht an tionscadail go mb’fhéidir gur tugadh an logainm ‘papar’ ar dhá phobal eaglaiseacha dhifriúla. Bheadh baint ag pobal amháin leis na hoileáin ab iargúlta mar a raibh cuid den talamh ba mhéithe; b’fhéidir go raibh nasc idir iad agus na díthreabhaigh. Bheadh baint ag an bpobal eile le háiteanna níos tábhachtaí agus níos lárnaí, go minic ar thalamh nach raibh chomh méith sin; áiteanna faoi thiús daonra, b’fhéidir.

#### *Tionscadal eile*

Tá iomramh eile déanta ag Paddy Barry, scipéir an bháid seoil *Ar Seachrán*, agus ag Breandán Ó Cíobháin chun léiriú a dhéanamh ar réimeas spioradálta na manach Éireannach san Atlantach Thuaidh ón 6ú haois amach: na *papar* arís. Féach *Iomramh 2011*: <http://imram.oac.ie/?q=node/115>.

Bhí siad ag cuimhneamh ar Bhréanainn (486-578?) a bhfuil a scéal le fáil in *Navigatio Sancti Brendani* agus in *Vita Sancti Brendani* (c. 800): finscéal spioradálta é an *Navigatio* ach tugann sé chun cuimhne na manaigh a d’fhág a rian ar na hInse: ‘Ascendit vero Sanctus Brendanus in navim extensisque velis ceperunt navigare contra solsticium valde’<sup>3</sup> (*Chuaigh Naomh Bréanainn ar bord agus chuaigh siad ag seoladh i dtreo ghrianstad an tsamhraidh*).

Chuir Dicuil, scoláire Éireannach, le scéal na ndíthreabhach in *De Mensura Orbis Terrae*, cuntas a tháinig ón gcúirt Chairilíneach c. 825. Cuireann sé síos ar oileáin áirithe thuaidh: ‘sicut a principio mundi, desertae semper

<sup>2</sup> *Landnamabók*: <http://www.snerpa.is/net/snorri/landnama.htm>

<sup>3</sup> *Navigatio Sancti Brendani*, Capitulum IV: [http://www.hs-augsburg.de/~harsch/Chronologia/Lspost10/Brendanus/bre\\_navi.html](http://www.hs-augsburg.de/~harsch/Chronologia/Lspost10/Brendanus/bre_navi.html)

fuerunt; ita, nunc causa latronum Normannorum, vacuae anachoritis...<sup>4</sup> (...bhí siad gan daoine riamh mar a bheadh ó thús an domhain; anois, de bharr na bhfoghlaithe Lochlannacha, tá na díthreabhaigh imithe...).

Chuaigh *Ar Seachrán* trí na hInse agus ansin go dtí an Íoslainn agus ar ais, agus tháinig leabhar as: *Iomramh Bhréanainn MMXI* (2011). Danny Mac an tSithigh (a bhí ar dhuine den fhoireann) a scríobh é.

Tá cur síos ar láinseáil an leabhair le cloisteáil ar 'An Saol Ó Dheas,' clár na Mumhan ar Raidió na Gaeltachta: ([http://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast\\_ansaolodheas.xml](http://www.rte.ie/radio1/podcast/podcast_ansaolodheas.xml)).

**Seoladh an Leabhair ;Iomramh Bhréanainn MMXI** 17 Meán Fómhair 2013

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

---

<sup>4</sup> Dicuil : [http://penelope.uchicago.edu/Thayer/L/Roman/Texts/Dicuil/De\\_mensura\\_orbis\\_terrae/text\\*.html](http://penelope.uchicago.edu/Thayer/L/Roman/Texts/Dicuil/De_mensura_orbis_terrae/text*.html)

## Leaganacha simplithe

### Seimineár: *The Companion to Irish Traditional Music*

Thug an Dr Fintan Vallely caint ar an *Companion to Irish Traditional Music* ag seimineár i gColáiste Newman, Ollscoil Melbourne, ar 17 Meán Fómhair 2013. Tá eagrán nua den leabhar tar éis teacht amach. Tá 1,800 iontráil ann anois agus is mór an díol atá air.

Thug Fintan a fhliúit leis chun pointí ceoil a léiriú. Thaispeáin sé, mar shampla, an difríocht atá idir saghsann difriúla den rince a dtugtar ‘port’ air. Bhí sé ag trácht ar an tábhacht a bhí le blas agus stíl an cheoil. Le himeacht aimsire tháinig rincí nua ar nós an pholca, ach tá polca na hÉireann an-difriúil leis an bpolca i dtiortha eile. Tá tiúineanna rince á gcumadh fós, a dúirt sé, ach ní ghlactar le mórán acu. Dúirt Fintan go bhfuil amhráin nua á gcumadh i nGaeilge freisin mar ‘country and western’ agus eile. Is leithne go mór an raon<sup>5</sup> atá ag amhráin thraidisiúnta Bhéarla maidir le hábhar.

Rinne Fintan tagairt do na daoine ba thúisce a bhailigh an ceol, ar nós Edward Bunting i mBéal Feirste i ndeireadh an ochtú haois déag.

Thosaigh athbheochan ceoil thraidisiúnta i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Níor thosaigh na ‘seisiúin’ go dtí na caogaidí, cé go measann a lán ceoltóirí gur rud seanbhunaithe<sup>6</sup> iad. Dúirt Fintan gur éirigh leis an gceol a chuid tréithe féin a chaomhnú, rud a chuidigh lena athbheochan. Ach bhí sé in ann glacadh le rudaí nua agus is beag nach ceol ealaíne<sup>7</sup> anois é: déantar staidéar triú leibhéal air agus tá margadh idirnáisiúnta aige.

### An Tionscadal ‘Papar’

Tá a lán áiteanna a dtugtar Pabaigh (*papa ey* - ‘oileán na sagart’) nó Papil (*papa byli* (?)) - ‘áitreabh na sagart’) orthu in Inse Oirc, Inse Shealtainn, Inse Ghall agus i dtuaisceart na hAlban. Logainmneacha Lochlannacha atá i gceist. Tá The Papar Project (tionscadal acadúil ildiscliplineach) ag iarraidh fianaise stairiúil a bhailiú le chéile agus eolas ar na ‘sagairt’ úd a chur ar fáil. Ciallaíonn ‘papar’ sagairt.

Thosaigh an tionscadal sa bhliain 2001. Tá siad ag iarraidh a dhéanamh amach cén saghas cléire atá i gceist – manaigh a bhí ina ndíthreabhaigh<sup>8</sup> nó sagairt a bhí ag freastal ar phobal áitiúil.

Tá foinsí ann a dhéanann tagairt do na ‘papar’ in Inse Oirc agus san Íoslainn. Deir *Historia Norvegiae* (Stair na hIorua) go raibh ‘papar’ ann roimh theacht na Lochlannach, go mbíodh éadaí bána orthu agus gur fhág siad leabhair ina ndiaidh. Tá cuntas ar an scéal i bhfoinsí Sean-Lochlainnise freisin. Deir siad gur éalaigh na ‘papar’ roimh na Lochlannaigh agus gur fhág siad leabhair Éireannacha, cloganna agus bachaill ina ndiaidh. Ba léir uaidh sin gurbh Éireannaigh iad.

Baineann na foinsí seo le tréimhse níos déanaí, áfach. Áitíonn<sup>9</sup> scoláirí éigin nach béaloideas iontaofa atá againn anseo ach eolas a fuair na Lochlannaigh níos déanaí ar an eaglais Éireannach. Is deacair na logainmneacha féin a dhátú, agus b’fhéidir nár cumadh iad go dtí tamall níos déanaí. Tá iomhánna Críostaí le fáil mar chomharthaí snoite<sup>10</sup> ina lán áiteanna: an chros, sagairt agus inscríbhinní. Tá baint ag cuid acu le logainmneacha ‘papar’.

Tá scrúdú á dhéanamh ar ithir na n-áiteanna a bhfuil na logainmneacha úd orthu. Tríd is tríd bhí baint ag na ‘papar’ leis an ithir is fearr nó is insaothraithe.<sup>11</sup>

<sup>5</sup> Raon - range

<sup>6</sup> Seanbhunaithe – long-established

<sup>7</sup> Ceol ealaíne – art music

<sup>8</sup> Díthreabhaigh - hermits

<sup>9</sup> Áitíonn - argue

<sup>10</sup> Snoite - carved

<sup>11</sup> Insaothraithe – (most) cultivable

B'fhéidir go raibh cuid de na 'papar' ina gcónaí in áiteanna iargúlta agus baint acu leis na díthreabhaigh. B'fhéidir go raibh baint ag 'papar' eile le pobail níos líonmhaire.